Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Samhain 2024
(OR. en)

15943/24
PV CONS 58
AGRI 814
PECHE 480

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

18 Samhain 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15467/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 15480/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 15481/24

Talmhaíocht

**1. Athbhreithniú ar an reachtaíocht fhíteashláintíochta** ❶C 14737/24 + ADD 1
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 66/24
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 6.11.2024 AGRILEG

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Iompar

**2. Treoir lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt** ❶C 14965/24
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 86/24
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 6.11.2024 TRANS

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 100(2) CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Treoir lena leasaítear Treoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 6.11.2024 | ❶C | 14935/24<br>PE-CONS 90/24<br>TRANS |

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 100(2) CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Treoir lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 6.11.2024 | ❶C | 14970/24<br>PE-CONS 83/24<br>**+ COR 1 (hr)**<br>TRANS |

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 100(2) CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **Treoir maidir le truailliú ó longa agus pionóis as cionta truaillithe a thabhairt isteach**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 6.11.2024 | ❶C | 14941/24<br>PE-CONS 91/24<br>TRANS |

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 100(2) CFAE).

<u>**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**</u>

<u>IASCACH</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>*Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | C | 15167/24<br>15106/24<br>+ ADD 1-2 |
| 4. | Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>*Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | C | 15168/24<br>13354/24 + ADD 1 |

TALMHAÍOCHT

5. Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh a rinneadh ar an Úcráin[1] — 15231/24
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Seisiún tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

**6.** Talmhaíocht

**(a)** **Straitéis Próitéine an Aontais a chur chun cinn** — 15468/24
*Faisnéis ón nGearmáin, thar ceann na Danmhairge agus na Gearmáine, le tacaíocht ón Eastóin, ó Éirinn, ó Lucsamburg agus ón tSeicia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil thar ceann na Danmhairge agus na Gearmáine maidir le Straitéis Próitéine an Aontais agus thug sí dá haire barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

**(b)** **Cur chun feidhme riail N+3 le haghaidh idirghabhálacha forbartha tuaithe i bPleananna Straitéiseacha CBT** — 15523/24
*Faisnéis ón Spáinn, le tacaíocht ón mBulgáir, ón tSeicia, ó Éirinn, ón nGréig, ón gCróit, ón gCipir, ón Laitvia, ó Lucsamburg, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil.

Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus na toscaireachtaí ina thaobh.

(c) Achoimre ón Uachtaránacht ar an bplé maidir le dúshláin agus peirspictíochtaí na n-earnálacha talmhaíochta éagsúla amach anseo — 15525/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

[1] Aire Beartais Talúntais agus Bia na hÚcráine i láthair.

**(d) Bearta cosanta faoi Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/1392 maidir le hallmhairí meala ón Úcráin chuig an mBulgáir agus an Rómáin** [F2] 15541/24
*Faisnéis ón mBulgáir, le tacaíocht ón Rómáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir ar fáil, le tacaíocht ón Rómáin, maidir le bearta cosanta faoi Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/1392 le haghaidh allmhairí meala ón Úcráin isteach sa Bhulgáir agus sa Rómáin.

Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí agus ag an gCoimisiún ina taobh.

---

[F2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 15481/24**

| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Athbhreithniú ar an reachtaíocht fhíteashláintíochta**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |
|---|---|

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Measann an Pholainn go bhfuil údar leis na réitigh a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe agus go bhfuil acu an breisluach lena rabhthas ag súil. Ar an gcúis sin, agus de mheon an chomhréitigh, tacaíonn an Pholainn le glacadh an dréachtrialacháin.

Mar sin féin, dar leis an bPolainn, ba cheart raon feidhme an dréachtrialacháin a bheith níos leithne chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar na fadhbanna a sainaithníodh agus forálacha reatha Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí á gcur i bhfeidhm. Dar leis an bPolainn, is féidir an t-ualach ar riaracháin agus ar oibreoirí a laghdú a thuilleadh gan an riosca fíteashláintíochta a mhéadú.

Leis an dréachtrialachán níor cuireadh deireadh iomlán le saincheist na moltaí do-oibrithe a rinneadh i dtaca leis an bPolainn (DG (SANTE) 2021-7273) maidir le fógra a thabhairt sa chóras tréidliachta ríomhairithe comhtháite (TRACES) faoi thorthaí na gcigireachtaí ar phacáistíocht adhmaid arna húsáid in iompar earraí nach bhfuil faoi réir seiceálacha fíteashláintíochta ar an teorainn, seiceálacha a dhéantar lasmuigh de na poist rialaithe teorann fíteashláintíochta. Níl fógraí mar sin indéanta i bhfianaise an chaoi a n-oibríonn an córas TRACES. Dá bhrí sin, tá an Pholainn ag súil go réiteoidh an Coimisiún Eorpach an tsaincheist seo trí bhearta neamhreachtacha.

Tá an Pholainn ag súil freisin go gcuirfidh an Coimisiún Eorpach tionscnamh reachtach ar aghaidh go pras lena ndéantar a chumhacht tharmligthe a fheidhmiú chun maoluithe a shainiú ón oibleagáid pasanna plandaí a eisiúint le haghaidh earraí áirithe i gcás ciandíola.'